

Teideal Beartais:	Bunreacht Aontas na Mac Léinn MIE
Cur Síos:	Soláthraíonn an doiciméad seo faisnéis ar ábhair a bhaineann le hAontas na Mac Léinn Institiúid Oideachais Marino
Údar (Post):	Uachtarán Aontas na Mac Léinn
Leagan:	1
Arna Fhaomhadh ag:	Bord Rialaithe AIE
Dáta Faofa an Bheartais:	Eanáir 2019
Dáta an Chéad Athbhreithnithe Eile ar Bheartas:	Aibreán 2023 (nó mar is gá)

AONTAS MAC LÉINN MIE

Aontas Mac Léinn Institiúid Oideachais Marino Bunreacht

Comhairle Feidhmiúcháin Aontas na Mac Léinn

[Roghnaigh an dáta]



Tá an doiciméad seo le breithniú ag Cuallacht na Mac Léinn MIE agus má chuirtear vóta Is ea ar ais, achtófar é seo ag tosú ar an 1 Iúil 2014

Clár
Ábhar

<u>Aguisín</u>	p4
<u>Tuairisc ar an Aontas</u>	p4
<u>Aidhmeanna agus Cuspóirí</u>	p5
<u>Struchtúr an Aontais</u>	p6
<u>Post Chathaoirleach an Aontais {Foráil 1 & 2 & Oifigeach sabóideach a mhaoiniú} lch 7</u>	
<u>An tAontas a Mhaoiniú</u>	p7
<u>Dualgais Chathaoirleach an Aontais</u>	p8
<u>Dualgais Leas-Chathaoirleach an Aontais</u>	p10
<u>Dualgais Oifigeach Oideachais an Aontais</u>	p11
<u>Dualgais Oifigeach Leasa an Aontais</u>	p12
<u>Dualgais Oifigeach Clubanna & Cumainn an Aontais</u>	p13
<u>Dualgais Oifigeach Spóirt an Aontais</u>	p14
<u>Dualgais Oifigeach Siamsaíochta an Aontais</u>	p14
<u>Dualgais Oifigeach Eile an Aontais</u>	p15
<u>Oifigeach Riaracháin</u>	p15
<u>Téarmaí Oifige</u>	p16
<u>Eisceachtaí ón téarma oifige seo</u>	p16
<u>Toghcháin</u>	p16
<u>Rialacháin feachtais</u>	p16
<u>Aontas Mac Léinn</u>	p16
<u>Iarrthóirí</u>	p17
<u>Coiste Toghcháin</u>	p17
<u>Córas vótála</u>	p18
<u>Ainmniúcháin</u>	p19
<u>Páipéir bhallóide</u>	p19
<u>Maoirseacht ar chomhaireamh</u>	p19
<u>Torthaí Toghcháin a Thabhairt:</u>	p19

Aitheantóir Cáipéise Bunreacht Aontas na Mac Léinn

<u>D'éirigh an tOifigeach Gníomhach as an bpost nó táinsíodh é/i go rathúil</u>	p19
<u>Aontas na Mac Léinn Isteach:</u>	p20
<u>Reifrinn</u>	p20
<u>Freagracht Oifigigh an Aontais:</u>	p20
<u>Rialachas</u>	p21
<u>Reifrinn</u>	p21
<u>Comhairle</u>	p21
<u>Rialacháin rialachais</u>	p22
Freastal	p22
<u>Clár Ábhar</u>	p22
<u>Cinntí</u>	p22
<u>Cathaoirleach</u>	p22
<u>Glacadh miontuairiscí</u>	p22
<u>Rúndacht</u>	p23
<u>Leithscéalta</u>	p23
<u>Éirí as oifig agus aistrithe ón oifig</u>	p23
Oifigeach a imghabháil	p23
<u>Cruinnithe Aontas na Mac Léinn</u>	p24
<u>Comhairle Feidhmiúcháin</u>	p24
<u>Cruinnithe Ginearálta Aontas na Mac Léinn (GSUM)</u>	p24
<u>Cruinnithe SSL {Nó Comhairle leasaithe ar bith eile}</u>	p24
<u>Cruinnithe Seachtracha</u>	p24
<u>Comhdháil Aontas na Mac Léinn</u>	p25
<u>Cumarsáid</u>	p26
<u>Naisc chumarsáide</u>	p26
<u>Gaeilge</u>	p27

Ballraíocht:

Tá gach mac léinn Lánaimseartha agus gach oifigeach de chuid Aontas na Mac Léinn ina mbaill iomlána d'aontas na mac léinn in Institiúid Oideachais Marino.

Aontas:

Tagraíonn an tAontas do Aontas na Mac Léinn Institiúid Oideachais Marino.

Baill:

Tagraíonn sé seo do na daoine aonair atá mar chuid den aontas (Tá gach mac léinn Lánaimseartha agus gach oifigeach de chuid Aontas na Mac Léinn ina mbaill iomlána d'aontas na mac léinn in Institiúid Oideachais Marino).

Tuairisc ar an Aontas

Is samhail neamhspleách de MIE é an t-aontas agus ní bheidh oifigh tofa freagrach ach do bhaill an aontais. Is trí reifreann a chinnfear rialachas an aontais agus is iad baill an aontais amháin a chaithfidh vótaí air. Ní mór beartais agus reachtaíocht a bhaineann leis an Aontas a bheith ar fáil go hoscailte do gach ball den aontas agus tá sé de dhualgas ar gach oifigeach a chinntiú go bhfuil sé amhlaidh.

Is eagraíocht neamhbhrabúis é an t-aontas agus tugtar aon bharrachas maoinithe ar ais do bhaill an aontais trí sheirbhísí a chuirtear ar fáil chun saol na mac léinn i MIE a fheabhsú.

Tá cosc ar oifigeach de chuid an aontais gnóthachan airgeadais a fháil ar bhealach ar bith trí ghníomhaíochtaí a bhaineann le hobair an aontais
{ seachas pá/costais a íocann aontas na mac léinn }

Aidhmeanna agus cuspóirí:

Is é ról an aontais cearta ball a ionadú ar bhealach freagrach agus eolasach. Nuair a dhiúltaítear na cearta seo {mar a fheictear don aontas} beidh oibleagáid ar an aontas aird a tharraingt air seo agus a bhaill a chosaint. Cuimsíonn dualgais an aontais

- A bheith ina líne dhíreach cumarsáide idir baill agus MIE
- A áirithiú go n-éistear le hábhair inní agus riachtanais leasa agus go ndéantar soláthar ina leith sin
- A áirithiú go bhfuil na gnéithe sóisialta de shaol na mac léinn bríomhar agus leanúnach
- Feabhsúcháin ar cháilíocht an oideachais a chuirtear ar fáil san Institiúid a tharchur agus a mholadh
- Ionadaíocht a dhéanamh do leas ball an aontais ag fóraim náisiúnta agus dul i mbun

Aitheantóir Cáipéise Bunreacht Aontas na Mac Léinn

feachtais ar son chosaint na gcearta sin agus i gcoinne chur isteach ar na cearta sin

- Cumarsáid éifeachtach a dhéanamh agus caidrimh oibre a fhorbairt le comhlachtaí seachtracha a chosnaíonn cearta ball. Oibriú i gcomhar le haontais eile a bhfuil comhleasanna acu leis an aontas seo agus oibriú i gcomhar le chéile ar shaincheisteanna a bhaineann go díreach le mic léinn in Éirinn.

Tá sé de cheart ag baill an aontais a bheith saor ó idirdhealú. Ní ghlacfaidh an t-aontas idirdhealú bunaithe ar mhíchumas, claonadh gnéasach, rogha inscne, cine, cúlra socheacnamaíoch, creideamh, reiligiún {nó gan cheann a bheith ag an duine}, ailíniú polaitiúil agus gnéas. Ba cheart, dá bhrí sin, go n-oibreodh oibríochtaí an aontais neamhspleách ó na tuairimí sin; ar bhealach oibiachtúil.

Tugann an doiciméad seo struchtúr an Aontais do bhaill agus an duine/na daoine ar cheart dóibh teagmháil a dhéanamh leo faoi rudaí áirithe a d'fhéadfadh baint a bheith acu le grúpa mór mac léinn (i measc na samplaí tá mí-iompar, droch-cháil a thabhairt ar ainm an aontais, imeachtaí eagraithe laistigh den Aontas a d'fhéadfadh teacht salach ar ghníomhaíochtaí/áirithintí beartaithe MIE). Sa deireadh thiar beidh nós imeachta tuairiscithe ceart agus éifeachtúil ann agus cinntíonn sé sin go bhfuil cumarsáid i láthair idir Oifigigh an Aontais agus MIE.

Déanfar gnéithe tábhachtacha áirithe laistigh den Aontas a dhíchódú agus soláthrófar brí dóibh siúd. I measc na n-oifigí a bheidh le coinneáil ag baill thofa Aontas na Mac Léinn tá Cathaoirleach, Leas-Chathaoirleach, Oideachas, Leas, Clubanna agus Cumainn, an Cumann Gaelach, Comhshaol, Mic Léinn Lánfhásta, Siamsaíocht, Spóirt, Cinn Blianta agus Ionadaithe Ranga.

Struchtúr an Aontais:

Beidh poist mar Chathaoirleach, Leas-Chathaoirleach, agus Oifigigh sna réimsí seo a leanas: Oideachas, Leas, Clubanna agus Cumainn, Comhshaol, Mic Léinn Lánfhásta. Beidh Cinn Blianta agus Ionadaithe Ranga ina bpoist aonair ina mbeidh duine amháin.

Beidh dhá phost shinsearacha sna poist in oifigí den Chumann Gaelach.

Beidh trí phost i ngach ceann de na poist Spóirt agus Siamsaíochta; Beirt oifigeach Sinsearach agus oifigeach Sóisearach amháin.

Tá na poist seo oscailte d'Fhir agus do Mhná araon chun dul san iomaíocht. I Spóirt amháin, áfach, ní mór oifigeach Sinsearach Spóirt Fireann agus oifigeach Sinsearach Spóirt Baineann a bheith ann. Is féidir fear nó bean a bheith mar oifigeach Spóirt Sóisearach.

Féadfaidh aon bhall den aontas rith chun oifige i dtoghcháin aontas na mac léinn MIE.

Ní mór mic léinn a chuireann a n-ainmneach ar aghaidh lena mbreithniú i dtoghcháin Aontas na Mac Léinn do phost ar Aontas na Mac Léinn a chur ar an eolas faoi na dualgais a bheidh le comhlíonadh acu sa chás go toghfar iad don phost. Beidh Oifigeach Oideachais an Aontais ghníomhaigh freagrach as seo.

Aitheantóir Cáipéise Bunreacht Aontas na Mac Léinn

Ní chuirfidh ach mic léinn atá toilteanach na dualgais seo a chomhlíonadh chomh fada agus is féidir leo a n-ainmneacha ar aghaidh lena mbreithniú. A luaithe a bheidh ainm an mhic léinn ar an bpáipéar ballóide, beidh an Mac Léinn sin

Aitheantóir Cáipéise Bunreacht Aontas na Mac Léinn

i gcomhaontú le cuallacht na Mac Léinn chun dul i bhfeidhm ar na dualgais seo ar an gcaighdeán is airde agus is féidir leo. Má thoghtar é/í, tiocfaidh an comhaontú seo ina ghealltanais maidir le ham agus cruthaitheacht a chur i bhfeidhm sa phost.

Pléifear toghcháin Aontas na Mac Léinn níos déanaí sa doiciméad.

Post Chathaoirleach an Aontais:

Foráil 1:

Feidhmeoidh Cathaoirleach an aontais sa ról seo mar oifigeach sabóideach arna mhaoiniú ag ballraíocht an aontais agus é/í freagrach go hiomlán don aontas.

Foráil 2:

Leanfaidh Cathaoirleach an aontais de bheith ag feidhmiú sa ról seo mar oifigeach deonach agus beidh sé/sí fós freagrach do bhaill an aontais agus do MIE araon.

N.B

Ritheadh an rún maidir le Foráil 1. Oifigeach sabóideach a mhaoiniú

Má cheadaítear foráil 1, maoiníofar cathaoirleach an aontais i gcomhréir le ceannairí aontas mac léinn eile. Gheofar foinsiú an mhaoinithe seo i ranníocaíocht na mac léinn a dhéanann mic léinn caipitithe go bliantúil agus tá sé seo ar aon dul leis an bpróiseas a gcloítear leis i gcoláistí, ollscoileanna agus institiúidí eile. Ciste ar leithligh a bheidh ann a mhaoiníodh pá an oifigigh shabóidigh go díreach agus, dá bhrí sin, beidh an duine aonair freagrach do bhaill an aontais {agus dóibh féin amháin}.

Má cheadaítear foráil 2, leanfaidh cathaoirleach an aontais i gcáil dheonach agus ní féidir é sin a athrú ach amháin trí reifreann. Mar sin ní bheadh aon athrú ar na struchtúir reatha.

An tAontas a Mhaoiniú

De réir na gcleachtas i gcoláistí, in ollscoileanna agus in Institiúidí eile, déantar cion de ranníocaíocht na mac léinn a leithdháileadh gach bliain ar airgeadas aontais. Rachaidh ceann an aontais i gcomhairle le húdaráis chuí na hinstiúide agus comhaontóidh siad go frithpháirteach céatadán socraithe den mhéid sin atá le leithdháileadh ar mhaoiniú aontais. De ghnáth bunaithe ar líon na mac léinn san Institiúid, úsáidfear an cion de ranníocaíocht na mac léinn a íocann baill an aontais a rachaidh i dtreo an aontais chun seirbhísí a sholáthar do bhaill an aontais. Is eagraíocht neamhbhrabúis é an t-aontas déantar an maoiniú a fhaightear a ath-fheistiú i seirbhísí do bhaill an aontais.

Ba cheart do Chathaoirleach an Aontais:

1. Aontas na Mac Léinn a chur chun cinn ar bhealach dearfach i gcónaí.
2. Bheith ina d(h)uine poiblí do bhaill an aontais i MIE agus bheith ina d(h)uine cairdiúil agus lách do na baill go léir.
3. Bheith ar an eolas faoi reachtaíocht roimhe seo/reatha agus ionchais a thagraíonn do ghnéithe a théann i bhfeidhm ar deireadh ar mhúinteoirí in oiliúint/NQTanna agus sa chóras oideachais ina iomláine.
4. Ionadaíocht a dhéanamh do bhaill an aontais ag cruinnithe náisiúnta (samplaí INTO, USI) agus dearcadh na mball a thabhairt agus troid ar son saincheistanna a théann i bhfeidhm orthu.
5. Fanacht oibiachtúil agus cinntí feidhmiúcháin tábhachtacha á ndéanamh thar ceann na mball.
6. Bualadh go minic le Foireann MIE agus imní na mball a chur ar aghaidh chucu trí mheán na gcruinnithe idirchaidrimh mac léinn-foirne {nó aon chomhairle leasaithe} agus más práinneach é, cruinniú a ghairm lasmuigh den nós imeachta idirchaidrimh mac léinn-foirne.
7. Úsáid a bhaint as buanna agus saineolas, ní amháin oifigeach eile, ach ball an aontais i gcoitinne.
8. Síniú ar Sheiceanna/Airgead Tirim á gcur ar fáil d'Oifigigh an aontais agus do réimsí eile ina gcaitear/ina leithdháiltear maoiniú. Oibriú mar Phríomhoifigeach Airgeadais.
9. A chinntiú go bhfuil Oifigigh ag comhlíonadh a ndualgas de réir an ghealltanais a tugadh agus toghchán á lorg acu agus iad tofa ina dhiaidh sin. Cuidiú le hoifigigh ina ndualgais nuair is gá.
10. Bheith inrochtana do bhaill ar bhonn laethúil agus nuair a thagann ceistanna isteach, obair leantach a dhéanamh orthu siúd le taighde agus freagra tapa a thabhairt nuair is féidir.
11. Róil agus dualgais a tharmligean chuig Oifigigh eile laistigh den aontas.
12. Nuair a fhaightear cumarsáid sheachtrach ó dhaoine aonair (samplaí INTO, An Chomhairle Mhúinteoireachta) na cumarsáidí seo a chur ar aghaidh chuig oifigigh iomchuí agus ligean do na hoifigigh tofa leanúint den chumarsáid (d'fhéadfadh iarraidh labhairt le mic léinn MIE a bheith i gceist, etc.).
13. A chinntiú go bhfanann cruinnithe an aontais ar an ábhar, go gcuirtear clár oibre ceart ar fáil, go gcothaítear ionracas agus cothroime, go n-áiritheofar meas ar thuairimí le linn cruinnithe, bheith mar Chathaoirleach ar na cruinnithe **Idirchaidrimh Mac Léinn-Foirne** ar bhonn rialta, ullmhú mar is cuí do chruinnithe seachtracha (INTO, USI) agus an fhaisnéis ó chruinnithe den sórt sin a chur ar aghaidh chuig an aontas agus chuig cuallacht na mac léinn agus an fhaisnéis a fhaightear a dhoiciméadú agus í a chomhdú in oifig Aontas na Mac Léinn.
14. Tuarascáil dheireadh bliana a ullmhú maidir leis na gníomhaíochtaí, na héachtaí agus an dul chun cinn a rinne Aontas na Mac Léinn le linn théarma oifige. Cuntais airgeadais a fhoilsiú do mhic léinn chun rochtain a fháil orthu, ar cuntais iad a bhaineann le buiséad Aontas na Mac Léinn (ioncam/caiteachas) le linn théarma oifige. Tá sé seo go léir le fáil ar láithreach ar líne an aontais.
15. Bualadh le grúpaí sa chéad bhliain le linn na seachtaine ionductaithe agus aon cheistanna a d'fhéadfadh a bheith acu a fhreagairt.

Aitheantóir Cáipéise Bunreacht Aontas na Mac Léinn

16. Maoirseacht a dhéanamh ar Thoghcháin Aontas na Mac Léinn agus a chinntiú go gcloítear le rialacha feachtais toghcháin.
17. Bualadh leis na meáin nuair is gá agus a chinntiú go gcuirtear tuairimí agus ábhair inní an aontais in iúl go soiléir.
18. Leasuithe ar Bhunreacht Aontas na Mac Léinn a mholadh nuair is gá.
19. Feidhmiú mar phríomhoifigeach cumarsáide an aontais.

20. Plé agus cumarsáid éifeachtach a spreagadh idir Aontais na Mac Léinn i gColáistí Oideachais Tosaigh Mhúinteoirí na hÉireann.
21. Ionadaíocht a dhéanamh don aontas chomh fada agus is féidir agus ionracas, macántacht, dúthracht agus tiomantas a thabhairt don phost.

Ba cheart do Leas-Chathaoirleach an Aontais:

1. An t-aontas a chur chun cinn ar bhealach dearfach i gcónaí.
2. Bheith ina nasc dáiríre idir oifigigh an aontais agus bheith ar an eolas faoi na freagrachtaí atá ar gach oifigeach.
3. Cúnamh a thabhairt don Chathaoirleach agus d'oifigigh eile nuair is féidir, más gá.
4. Ionadaíocht a dhéanamh in éagmais an Chathaoirligh.
5. Bheith ina d(h)uine poiblí do bhaill an aontais agus bheith ina d(h)uine cairdiúil agus lách do mhic léinn.
6. Bheith ar an eolas faoi reachtaíocht roimhe seo/reatha agus ionchais a thagraíonn do ghnéithe a théann i bhfeidhm ar deireadh ar mhúinteoirí in oiliúint/NQTanna agus sa chóras oideachais ina iomláine.
7. Ionadaíocht a dhéanamh do bhaill an aontais ag cruinnithe náisiúnta (samplaí INTO, USI) agus dearcadh na mball a thabhairt; troid ar son saincheisteanna atá ina n-ábhair inní.
8. Oibriú i gcomhar leis an gCathaoirleach ar shaincheisteanna áirithe i rith na bliana a théann i bhfeidhm ar bhaill.
9. Sa chás go gceideann an Leas-Chathaoirleach go bhfuil an Cathaoirleach ag gníomhú ar bhealach atá neamhrechtúil (i.e. nach bhfuil sé/sí ag teacht leis na coinníollacha thuasluaite) féadfaidh sé/sí sainordú a lorg chun an cathaoirleach a chur as a phost. Ní mór an cuóta sainordaithe a bheith ina thromlach 2/3 nó níos mó de bhallaíocht iomlán an aontais. Sa chás go dtarlóidh sé seo, glacfaidh an Leas-Chathaoirleach oifig mar Chathaoirleach agus glacfaidh an tOifigeach Oideachais gníomhach ról an Leas-Chathaoirligh agus é/í ag leanúint leis an ngné Oideachais dá (h)oifig.
10. Síniú ar sheiceanna/airgead tirim á gcur ar fáil d'oifigigh san Aontas agus do réimsí eile ina gcaitear/ina leithdháiltear maoiniú an aontais. Feidhmiú mar Oifigeach Airgeadais Tánaisteach.
11. An clár oibre a fhoirmiú do gach cruinniú SU agus d'aon chruinnithe Idirchaidrimh Mac Léinn-Foirne faoi chathaoirleacht na Mac Léinn. Ciallaíonn sé seo go gcaithfidh baill an Aontais ar mian leo ceist a ardú ríomhphost a sheoladh chuig an Leas-Chathaoirleach roimh an gcruinniú más féidir chun an cheist seo a chur san áireamh le plé.
12. Oideachas a chur chun cinn i MIE ar scála i bhfad níos leithne ná bunoidéachas amháin. Idirghníomhaíocht mac léinn a spreagadh ar fud na gcúrsaí a chuirtear ar fáil i MIE in eilimintí acadúla agus sóisialta (Comhtháthú).
13. Sa chás go ndéantar athruithe ar na coinníollacha maidir le NQTanna a fhostú nó aon réimse eile a théann i bhfeidhm ar mhúinteoirí/NQTanna a oiliúint, tá ar an Leas-Chathaoirleach nuachtlitir bheag a fhoilsiú chun mic léinn a chur ar an eolas faoi na hathruithe seo (le cúnamh ón gCathaoirleach nuair is gá).

Aitheantóir Cáipéise Bunreacht Aontas na Mac Léinn

14. A chinntiú go n-úsáidtear Spás na Mac Léinn mar mhol do mhic léinn chun scíth a ligean agus idirghníomhú lena chéile. Leasuithe a dhéanamh ar Spás na Mac Léinn mar iarracht mic léinn a tharraingt chuig an limistéar seo. Stocaireacht a dhéanamh ar fheabhsuithe ar spás mac na léinn ós rud é gur phríomhchúram é sin a bheith ann don aontas.

Ba cheart d'Oifigeach Oideachais an Aontais:

1. An t-aontas a chur chun cinn ar bhealach dearfach i gcónaí.
2. Bheith ina d(h)uine poiblí do bhaill an aontais agus bheith ina d(h)uine cairdiúil agus lách do mhic léinn.
3. Bheith ar an eolas faoin reachtaíocht reatha a théann i bhfeidhm ar an oddeachas atá á fháil ag múinteoirí faoi oiliúint agus ag mic léinn i gcoitinne.
4. An córas Piaráí-ar-Phiaraí (POP) a chruthú agus maoirseacht a dhéanamh air gach bliain. Is bealach é an córas sin chun 'Teagascóir Mac Léinn' a thabhairt do bhaill nua an aontais ar féidir leo dul i dteagmháil leis/léi má thagann brú tionscnamh nó scrúduithe chun cinn.
5. A chinntiú go dtarlaíonn idirghníomhaíochtaí rialta idir POPanna agus go n-oibríonn an córas go rathúil.
6. Ceardlanna taighde a fhiosrú a bheadh tairbheach do Shocrúchán Scoile/Socrúchán Oibre agus, más féidir, cuireadh a thabhairt do cheardlann den sórt sin teacht chuig MIE nó eolas a thabhairt fúithi don chomhordaitheoir Socrúcháin Scoile/Socrúcháin Oibre ar bhaill foirne léachtóireachta i MIE.
7. Cumarsáid a dhéanamh le Comhordaitheoirí Socrúcháin Scoile agus Socrúcháin Oibre maidir leis an gclár taithí oibre agus baill a choinneáil ar an eolas maidir le dátaí nach mór socrúcháin a eagrú/cad iad na háiseanna atá oiriúnach agus faisnéis a chur ar aghaidh chuig mic léinn maidir leis an Teagascóir atá acu do SP.
8. Idirchaidreamh a dhéanamh leis an bhfoireann sa Leabharlann agus iarratais a dhéanamh ar leabhair agus acmhainní breise a theastaíonn ó mhic léinn. Bheith mar líne dhíreach teagmhála ó fhoireann na Leabharlainne go dtí na baill.
9. Bheith cruthaitheach maidir le heilimintí oideachais a aimsiú ó gach roinn san Aontas. Mar shampla, tá obair dhlúth leis an Oifigeach Comhshaoil mar an obair 'Brat Glas' a dhéantar i rith na bliana nasctha go dlúth le gnéithe den churaclam (oideachas faoi chaomhnú)
10. Foinsíú doiciméad ar líne a chruthú a bheidh tairbheach do bhaill maidir le hacmhainní, pleananna/scéimeanna ceachta, nótaí léachta agus aistí samplacha.
11. Cúrsa TEFL (Múineadh an Bhéarla mar Theanga Iasachta) a eagrú nó a bheith mar chuid den eagrú do bhaill an aontais.
12. Idirchaidreamh a dhéanamh leis an Roinn TF maidir leis an seomra TF agus ríomhairí. Idirbheartaíocht a dhéanamh ar amanna oscailte agus amanna dúnta agus ar shaincheisteanna eile amhail mífheidhmiú printéirí, pasfhocail le haghaidh Moodle agus fiosrúcháin a bhaineann le TF.
13. Bheith ina d(h)uine gníomhach i gcúrsaí a bhaineann le hoideachas ar fud MIE.

Ba cheart d'Oifigeach Leasa an Aontais:

1. An tAontas a chur chun cinn ar bhealach dearfach i gcónaí.
2. Bheith ina d(h)uine poiblí do bhaill an aontais agus bheith ina d(h)uine cairdiúil agus lách.
3. Oibriú faoi rún daingean.
4. Bheith oilte go gairmiúil ar ábhair a bhaineann le leas bhaill an aontas.

Aitheantóir Cáipéise Bunreacht Aontas na Mac Léinn

5. ‘Seachtain Sláinte Mheabhrach’ a eagrú agus a chomhordú chomh maith le ‘Seachtain Sláinte Gnéis’ i MIE gach bliain. Le linn an dá sheachtain, ba cheart go gcabhródh gníomhaíochtaí agus imeachtaí le bail

plé oscailte a dhéanamh agus éirí níos feasaí faoi shaincheisteanna sláinte mheabhrach, saincheisteanna sláinte gnéis agus na seirbhísí atá ar fáil a bhaineann leis an dá cheann seo do bhaill.

6. Bualadh le Comhairleoir na Mac Léinn in MIE go rialta agus ábhair inní a chur in iúl don duine seo de réir mar a thagann siad chun cinn.
7. A chinntiú go bhfuil frithghiniúint ar fáil do bhaill an aontais nuair is féidir.
8. Cuireadh a thabhairt do chainteoirí teacht chuig MIE chun saincheisteanna a bhaineann le Leas a phlé. Toisc gur speictream leathan é leas, áireofar leis seo réimse ar bith a théann i bhfeidhm ar bhaill an aontais, ní hamháin agus iad sa choláiste, ach ar an saol pearsanta freisin (Cearta na n-oibríthe/Ceartas sóisialta/AN Eile).
9. Oibriú leis na hoifigigh Shiamsaíochta chun gníomhaíochtaí a chur chun cinn i MIE nach mbaineann le halcól.
10. Cumarsáid a dhéanamh leis an Oifig Chóiríochta nuair is gá nó nuair a éilfonn ball nó grúpa ball é.
11. Gníomhú i gcónaí nuair a bhíonn cúnaimh ag teastáil ó bhaill an aontais.

Ba cheart d'Oifigeach Clubanna agus Cumainn an Aontais:

1. An tAontas a chur chun cinn ar bhealach dearfach i gcónaí.
2. Bheith ina d(h)uine poiblí do bhaill an aontais agus bheith ina d(h)uine cairdiúil agus lách do bhaill.
3. Suíochán a choinneáil ar gach Club agus Cumann eagraithe ag gach mac léinn i MIE agus freastal ar chruinnithe nuair is féidir.
4. Baill a spreagadh chun leasanna dearfacha agus caithimh aimsire a shaothrú i MIE. Cibé acu ceol, spórt nó aon chineál eile de chaitheamh aimsire, spreagar é i MIE.
5. A áirithiú go gcloítear leis na coinníollacha cearta do Chlub nó do Chumann. I gcás nach bhfuil sé amhlaidh, ní chuirfear maoiniú SU ar fáil. Cuimsíonn na coinníollacha seo nach mór a chomhlíonadh chun aitheantas a thabhairt do stádas Club/Cumann i MIE iad a leanas
 - Ní mór 8 mball nó níos mó a bheith ann chun Club/Cumann a bhunú
 - Ba chóir an Club/Cumann a chur chun cinn go gníomhach agus é a bheith ionchuimsitheach. Ba cheart go mbeadh rochtain (is féidir le duine ar bith a bheith páirteach), infhaighteacht (Cruinnithe agus Gníomhaíochtaí a réachtáil ag am inar féidir le gach ball freastal orthu, nuair is féidir) agus éiteas bunúsach (cúis dhearfach le Club/Cumann den sórt sin a bheith i bhfeidhm) taobh thiar den Chlub/Chumann.
 - Ní mór coiste a bheith ag gach Club/Cumann a áiríonn Cathaoirleach, Leas-Chathaoirleach agus Comhordaitheoir. Níl an coiste teoranta do thrí phost agus is féidir níos mó post a chur ar fáil (e.g. oifigeach caidreamh poiblí/Uachtarán)
 - Caithfidh aon ranníocaíochtaí airgeadais a dhéanann Aontas na Mac Léinn le cumann den sórt sin a bheith cuntasach. Teastóidh admhálacha agus ba chóir iad a thabhairt d'Oifigeach tofa na gClubanna agus na gCumann.
 - Tá cumarsáid le hOifigeach na gClubanna/na gCumann thar a bheith tábhachtach chun go n-éireoidh leis an gClub/leis an gCumann. Mar a dúradh, ní mór suíochán a bheith ag oifigeach na gClubanna/na gCumann ar gach coiste.

Aitheantóir Cáipéise Bunreacht Aontas na Mac Léinn

- Nuair a óstálann an Club/Cumann imeacht, iarrfar orthu doiciméad gairid/teimpléad a líonadh isteach ina n-aithnítear an phleanáil a rinneadh don imeacht, na gníomhaíochtaí laistigh den imeacht féin agus na torthaí.

Ba cheart d'Oifigigh Spóirt an Aontais:

1. An tAontas a chur chun cinn ar bhealach dearfach i gcónaí.
2. Bheith ina d(h)uine poiblí do bhaill an aontais agus bheith ina d(h)uine cairdiúil agus lách.
3. Gach cineál Spóirt a chur chun cinn, cé acu spóirt mar chaitheamh aimsire nó iomaíochas agus béim a leagan ar an nglacadh páirte in ionad ar an mbua.
4. Freastal ar chruinnithe (inmheánach agus seachtrach) a bhaineann leis na foirne éagsúla sa choláiste.
5. Idirghabháil a dhéanamh leis an Oifigeach Forbartha Cluichí i MIE agus a chinntiú go gcoinnítear cumarsáid mhaith idir clubanna CLG áitiúla agus an tAontas.
6. Bheith gníomhach in eagrú gníomhaíochtaí nach mbíonn alcól i gceist leo.
7. Páirt ghníomhach a ghlacadh in eagrú 'Seachtain Ghníomhach' bhliantúil laistigh de MIE.
8. Urraíocht a eagrú le gnólachtaí áitiúla d'fhoirne spóirt laistigh de MIE.
9. Cumarsáid ar na meáin shóisialta a thabhairt cothrom le dáta

Ba cheart d'Oifigigh Shiamsaíochta an Aontais:

1. An tAontas a chur chun cinn ar bhealach dearfach i gcónaí.
2. Bheith ina d(h)uine poiblí do bhaill an aontais agus bheith ina d(h)uine cairdiúil agus lách.
3. An ghné sheach-churaclaim den fhoghlaim a bhaineann le saol an choláiste a eagrú agus a mhaoirsiú.
4. Gníomhaíochtaí i rith an lae a eagrú chun na baill nach bhfuil in ann dul ar oícheanta an aontais a mhealladh.
5. Roinnt oícheanta an aontais a eagrú i rith na bliana chun gnéithe sóisialta de shaol mac léinn MIE a chur chun cinn.
6. Nuair is féidir, imeachtaí a eagrú atá inrochtana do gach ball den aontas agus nach dtagann salach ar obair thaisc/choláiste.
7. Foirmeacha cumarsáide na meán sóisialta a nuashonrú maidir le himeachtaí agus béim a leagan ar an ngné shóisialta bhríomhar MIE tríd an modh seo.

Oifigigh Eile:

Baineann poist eile Oifigigh go háirithe leis an gcineál ról ba chóir a bheith ag an duine aonair. Mar shampla, is é príomhaidhm an Oifigigh Chomhshaoil gníomhaíochtaí a chur chun cinn agus páirt ghníomhach a ghlacadh iontu a leagann béim ar shaincheistanna caomhnaithe agus dramhaíola.

Aitheantóir Cáipéise Bunreacht Aontas na Mac Léinn

I measc na ndualgas atá ag oifigigh an Chumainn Ghaelaigh tá cur chun cinn na Gaeilge agus an chultúir {ach ní chun éifeacht dhíobhálach aon teanga nó aon chultúir eile}, foilseacháin a bhaineann le SU a aistriú, feachtas láidir comhleanúnach bliantúil a bheith ann chun mic léinn a spreagadh chun a bheith páirteach sa chumann agus chun oibriú go gníomhach le Chumann Ghaelacha eile ar fud na tíre.

Ní mór d'Oifigeach Mac Léinn Lánfhásta a chinntiú go dtarlaíonn imeachtaí i rith na bliana chun baill lánfhásta a mhealladh i saol na mac léinn.

Ní mór d'oifigigh Chinn Blianta a chinntiú go ndéantar ionadaíocht ar na gnéithe éagsúla de shaol na mac léinn a bhaineann leis an ngrúpa ionadaíochta. Ní mór don Cheann Bliana comhoibriú le baill eile an aontais go héifeachtach lena chinntiú go n-aithnítear na baill a ndéanann siad ionadaíocht orthu agus cinní feidhmiúcháin á ndéanamh. Tá sé de fhreagracht ar oifigigh Chinn Blianta ábhair inní a thabhairt chuig aontas na mac léinn agus aghaidh a thabhairt orthu seo.

Tá sé de dhualgas ar ionadaithe ranga na hoifigigh Chinn Bliana faoi seach a chur ar an eolas faoi shaincheistanna a bhaineann go sonrach lena mbaill aontais a ndéanann siad ionadaíocht orthu. Tá comhoibriú agus cumarsáid leanúnach fhrithpháirteach ríthábhachtach do phost ionadaíoch an ranga. Spreagtar ionadaithe ranga freisin imeachtaí sóisialta a eagrú dá ngrúpaí d'fhonn comhtháthú go hiomlán le comhlacht an aontais.

Oifigeach riaracháin {AO}:

- Beidh oifigeach riaracháin ag teastáil ón aontas agus beidh an duine seo ina b(h)all lánaimseartha d'fhoireann MIE. Cuimsíonn dualgais an AO na nithe seo a leanas ach níl siad teoranta dóibh:
- Tacú le riachtanais oifigeach tofa an aontais
- Miontuairiscí chruinnithe na comhairle a ghlacadh, ach ní bheidh an AO ina b(h)all den chomhairle
- Gníomhú ina c(h)áil féin mar chomhchisteoir ar an aontas

Téarmaí Oifige:

Tosaíonn téarma oifige an Aontais ar an 1 Iúil agus críochnaíonn sé ar an 30 Meitheamh ina dhiaidh sin gach bliain. Ní mór d'Aontas na Mac Léinn atá ag teacht isteach páirt a ghlacadh i seachtain oiliúna/pleanála an tseachtain tar éis na scrúduithe Deireadh Bliana. Is i rith na seachtaine seo a chuirfear oiliúint ar na hoifigigh atá ag teacht ina bpoist ionchasacha.

Aitheantóir Cáipéise Bunreacht Aontas na Mac Léinn

Tugann an tAontas amach an tAontas isteach isteach ina líonra i rith na seachtaine seo. Chomh maith leis sin ní mór don Aontas amach gach modh cumarsáide (oifig/fillteáin/meáin shóisialta agus mar sin de) a aistriú chuig Aontas na Mac Léinn isteach tráth nach déanaí ná an 30 Meitheamh gach bliain.

Eisceachtaí ón téarma oifige seo:

Ní bheidh aon téarma oifige seasta ag an oifigeach Riaracháin.

Toghcháin:

Gach bliain, déanann an ‘Coiste Toghchán’ toghcháin Aontas na Mac Léinn a chomhordú, ar a mbeidh an Chomhairle Feidhmiúcháin agus beidh an tOifigeach Oideachais reatha ina chathaoirleach orthu. Bunóidh an coiste dátaí deiridh na n-ainmniúchán agus ceadófar tréimhse ama réasúnta le haghaidh feachtais (10 lá ar a laghad de ghnáth).

Rialacháin feachtais:

Aontas na Mac Léinn

Ní bheidh oifigigh an Aontais go poiblí ná go hoscailte i bhfabhar iarrthóra amháin nó seachas iarrthóir eile. Tá cosc ar oifigigh an Aontais dul i bhfabhar aon iarrthóirí aonair trí mheán cumarsáide {lena n-áirítear leathanaigh na meán sóisialta/ríomhphoist, etc.}. Beidh oifigigh an Aontais neamhchlaonta i gcónaí agus tá sé de dhualgas ar an gCoiste Toghchán é seo a chinntiú.

Iarrthóirí:

Ní mór do dhaoine aonair atá sa tóir ar thoghadh a bhfeachtas a dhéanamh faoi na nósanna imeachta agus na prótacail ar bhunaigh an Coiste Toghchán iad. Tá cosc ar iarrthóirí leathanaigh/grúpaí dúnta meán sóisialta a úsáid chun feachtais iarrthóirí eile a chur i gcomparáid {bíodh sé dearfach nó diúltach}. Toisc gur aontas daonlathach é seo, caithfidh gach gné den fheachtasaíocht a bheith amhlaidh agus ní cheadaítear modhanna dúnta meán sóisialta a úsáid mar mheán don pholaitíocht.

Ní féidir feachtasaíocht a dhéanamh laistigh de shuíomhanna léachtaí nó ar lá na vótála. Mura gcloítear leis sin beidh dícháiliú ón rás toghcháin mar thoradh air.

Coiste Toghchán:

- Faoi chathaoirleach ag an Oifigeach Oideachais
- Tá 5 bhall den Chomhairle Feidhmiúcháin ann
- Bunaíonn sé rialacha agus rialacháin maidir le feachtasaíocht

- Aithníonn sé dátaí ar a gcaithfidh iontrálacha ainmniúcháin a bheith istigh
- Eagraíonn sé deis d'iarrthóirí Uachtaráin agus Leas-Uachtaráin beartais a leagan amach go poiblí {áit a mbeidh aOifigeach Gníomhach Oideachais mar chathaoirleach}
- Cuireann sé oideachas ar na mic léinn in Ionadaíocht Chomhréireach
Cinntíonn sé go dtugtar ardán comhionann do gach iarrthóir chun feachtas a bhunú
- Ar lá na vótála, cinntíonn sé nach ndéantar aon fheachtasaíocht le haghaidh aon cheann de na poist
- Cinntíonn sé go n-úsáideann iarrthóirí an fearas cuí chun póstaer/fógraí a chur in airde
- Má ghníomhaíonn iarrthóir ar bhealach atá contrártha leis na teorainneacha bunreachtúla, caithfidh an Coiste Toghchán an t-iarrthóir a bhaint den phróiseas toghcháin

Córas vótála:

Leanfaidh gach toghchán aontais nós imeachta ar a dtugtar ionadaíocht chomhréireach

Beidh ballóid rúnda ag gach vótálaí toghcháin de chuid an Aontais agus vótálfaidh siad trí chóras Vóta Inaistrithe Aonair (STV).

Ba cheart tosaíocht a léiriú trí vótáil 1, 2, 3 etc. in ord tosaíochta na n-iarrthóirí.

Má thagann cás chun cinn nuair nach féidir an chéad vóta tosaíochta a aithint go soiléir, meastar go bhfuil an vótáil 'millte' agus ar neamhní.

Beidh an Chomhairle Feidhmiúcháin freagrach as Vótaí a Chomhaireamh. Is é seo a leanas an córas chun PR-STV a chomhaireamh:

Chun vótaí a chomhaireamh, déileálfar le RON (nó Ainmniúcháin Athoscailte mar is fearr aithne air sa Bhéarla) mar iarrthóir.

Tá na vótaí eagraithe ina dhá chóras comhairimh ar leithligh, ceann le haghaidh vótaí millte agus ceann le haghaidh na chéad iarrthóirí tosaíochta.

Déantar na vótaí sa dá chatagóir a chomhaireamh.

Ríomhfar an vótaíocht bhailí (A) trí na vótaí a chomhaireamh do gach iarrthóir.

Faighítear amach líon na suíochán (B) sa dáilcheantar.

Ríomhtar an cuóta ($Q = ([A]/[B+1]+1)$), arb é líon na vótaí a theastaíonn chun a bheith dearbhaithe tofa gan iarrthóirí eile a dhíchur, tríd an vótaíocht bhailí a roinnt ar líon na suíochán, móide ceann amháin, agus ceann amháin a chur leis.

- a. Fógrófar go dtoghfar aon iarrthóir a bhfuil roinnt vótaí níos mó ná Q aige/aici nó cothrom leis.

Mura n-ionann líon na n-iarrthóirí a toghadh agus B, leanfar leis an gcomhaireamh. Más ionann

Aitheantóir Cáipéise Bunreacht Aontas na Mac Léinn

lón na n-iarrthóirí a toghadh agus B, tabharfar toradh an toghcháin agus cuirfear deireadh leis an gcomhaireamh.

Aitheantóir Cáipéise Bunreacht Aontas na Mac Léinn

Má tá roinnt vótaí níos mó ná Q ag an iarrthóir a bhfuil an líon is mó vótaí aige, aistrefar a vótaí níos mó ná Q (barrachas) go comhréireach chuig iarrthóirí eile de réir an chéad rogha eile is airde ar gach ballóid. Roinntear an barrachas le Q chun luach gach vóta a aistrítear go comhréireach a thabhairt.

Mura bhfuil líon vótaí níos mó ná Q nó cothrom le Q ag aon iarrthóir eile, cuirtear deireadh leis an iarrthóir a bhfuil líon na vótaí is lú aige agus aistrítear a vótaí chuig iarrthóirí eile de réir an chéad rogha eile is airde ar gach ballóid.

Déantar an próiseas seo a atriail ó phointe a. (Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, Bunreacht SU Ollscoil Bhaile Átha Cliath)

Ainmniúcháin:

- Féadfaidh aon bhall den aontas iad féin a ainmniú do phost mar oifigeach.
- Ní féidir leis an mball iad féin a ainmniú ach do phost amháin ina aonar {ní cheadaítear poist iolracha}
- Caithfidh an ball an prótacal a leanúint mar a bhunaigh cathaoirleach an choiste toghcháin é agus ní mór na dátaí deiridh chun ainmniúchán a chur isteach a chomhlíonadh.

Páipéir bhallóide:

1. Ní mór ainmneacha na n-iarrthóirí a bheith le feiceáil in ord aibítre bunaithe ar shloinnte
2. Áireofar RON (Ainmniúcháin Athoscailte) agus déileálfar leo mar iarrthóir

Maoirseacht ar chomhaireamh:

Iarrfar ar oifigeach comhairimh neamhspleách ó Aontas na bliana roimhe sin maoirseacht a dhéanamh ar an gcomhaireamh agus is é Cathaoirleach an Choiste Toghcháin a dhéanfaidh an éadáil seo.

Torthaí Toghcháin a Thabhairt:

1. Tabharfar na torthaí nuair a dhéanfar comhaireamh agus dáileadh na vótaí agus nuair a bheidh Cathaoirleach an Choiste Toghcháin sásta go bhfuil an toradh bainte amach go daonlathach.
2. Foilseofar céatadán agus líon na vótaí céadrogha in éineacht le sainithint an iarrthóra rathúil i ngach post.
3. Féadfaidh iarrthóirí nár éirigh leo achomharc a thaisceadh suas le 3 lá tar éis na dtorthaí a bheith tugtha. Sa chás go dtarlaíonn sé seo, ní mór an comhaireamh a dhéanamh an athuair. Ní mór d'iarrthóirí an chúis leis an iarratas seo a thabhairt.

D'éirigh an tOifigeach Gníomhach as an bpost nó táinsíodh é/í go rathúil

Caithfear toghchán a reáchtáil. Leithdháiltear seachtain amháin ar ainmniúcháin oscailte agus caithfear vótáil chun oifigeach nua a thoghadh laistigh de 2 sheachtain ó dhúnadh na n-ainmniúchán.

Aontas na Mac Léinn Isteach:

Tosaíonn téarma oifige an Aontais ar an 1 Iúil agus críochnaíonn sé ar an 30 Meitheamh ina dhiaidh sin gach bliain. Ní mór don Aontas isteach páirt a ghlacadh i seachtain oiliúna/pleanála an tseachtain tar éis na scrúduithe. Is i rith na seachtaine seo a chuirfear oiliúint ar na hoifigigh atá ag teacht ina bpoist ionchasacha.

Tugann Aontas na Mac Léinn amach Aontas na Mac Léinn isteach isteach ar a líonra i rith na seachtaine seo. Chomh maith leis sin ní mór don Aontas amach gach modh cumarsáide (oifig/fillteáin/meáin shóisialta agus mar sin de) a aistriú chuig Aontas na Mac Léinn isteach tráth nach déanaí ná an 30 Meitheamh gach bliain.

Reifrinn

1. Is féidir reifreann a ghairm nuair a mholann agus aontaíonn 2/3 den Chomhairle Ceidhmiúcháin déanamh amhlaidh
2. Sroichtear sínithithe ó 30% de bhallraíocht iomlán an aontais maidir le saincheist.
3. Ní mór an reifreann a reáchtáil tráth nach luaithe ná 3 sheachtain acadúla agus tráth nach déanaí ná 6 sheachtain acadúla tar éis an reifreann a ghairm.

Freagracht Oifigigh an Aontais:

- Ní mór do na hoifigigh a toghadh fanacht neamhchlaonta agus oibiachtúil agus cuntas neamhchlaonta a sholáthar ar an reifreann.
- Sa chás go mbaineann reifreann le táinseamh oifigigh aontais, tá an t-oifigeach eisiata ó phlé an reifrinn.

Rialachas

Reifrinn:

Is iad na baill i reifrinn comhlacht neamhspleách an aontais

Comhairle:

Tagraíonn sé seo don Chomhairle Feidhmiúcháin ina bhfuil na poist a leanas:

1. Cathaoirleach an aontais
2. Leas-Chathaoirleach an aontais
3. Oifigeach Oideachais
4. Oifigeach Leasa
5. Toghadh oifigeach amháin eile

Déanfaidh an chomhairle prótacal agus beartas an aontais a chinneadh. Go deimhin breithneoidh an chomhairle ionchur oifigigh eile an aontais agus an méid sin á chinneadh aici. Caithfear na haidhmeanna agus na cuspóirí a mheas agus cloí leo go deimhin.

Rialacháin rialachais

Freastal:

Caithfidh 3 oifigeach ar a laghad a bheith i láthair chun go mbeidh cruinniú bailí. Ní phléifear gnó an Aontais mura bhfuil 3 oifigeach ar a laghad i láthair.

Clár Ábhar:

Caithfear imlíne shoiléir den chruinniú a sholáthar roimh an gcruinniú. Tá sé seo éigeantach do gach cruinniú den aontas.

Cinntí:

1. Beidh cinneadh an aontais ceangailteach sna cásanna a leanas:
2. Sroictear tromlach na ndaoine a bhí i láthair ag an gcruinniú
3. Comhdhearcadh iomlán na mball vótála go léir

Cathaoirleach:

Ní mór cathaoirleach a bheith ag gach cruinniú de chomhairle an aontais. Seo a leanas an fhreagracht atá ar an gcathaoirleach:

- Leithdháileadh cothrom ama labhartha
- Meas ar thuairimí
- Bainistíocht an chruinnithe
- Fad an phlé

- Ord na gcainteoirí

Sa chás go mbeidh comhscór sa vótáil, beidh an vóta réitigh ag an gcathaoirleach agus vótálfaidh sé/sí i gcoinne na míre.

Glacadh miontuairiscí:

Ní mór rúnaí a bheith ag gach cruinniú oifigiúil de na hoifigigh tofa. Gníomhóidh an AO (nó an tOifigeach Riaracháin mar is fearr aithne air) sa cháil seo.

Rúndacht:

Féadfaidh aon chomhairle nó aon fhochoiste den aontas, seachas an Chomhairle Feidhmiúcháin, vótáil chun dul i gceamara le haghaidh cuid den phlé. Leanfar le sonraí an phlé a dhoiciméadú agus más mian leis an gcomhairle {nó an fochoiste} é, foilsítear iad níos déanaí.

Leithscéalta:

Nuair nach féidir le ball de chomhairle a bheith i láthair, táthar ag súil go gcuirfidh siad an AO ar an eolas 24 uair ar a laghad sula suífidh an chomhairle. In imthosca eisceachtúla, is féidir an AO a chur ar an eolas tar éis an chruinnithe faoi leithscéalta {is féidir iad a áireamh sna miontuairiscí} ach caithfidh an duine aonair cúis bhailí leis seo a chur ar fáil.

Éirí as oifig agus aistrithe ón oifig:

1. Caithfidh aon oifigeach ar mian leis éirí as a shuíochán é sin a dhéanamh i scríbhinn chuig Cathaoirleach an aontais.
2. Nuair is mian leis an gCathaoirleach éirí as, caithfidh sé nó sí é sin a dhéanamh i scríbhinn chuig an AO.
3. Pléifear níos déanaí toghchán chuig post atá folamh mar gheall ar éirí as oifig.

Oifigeach a imghabháil:

Is féidir oifigeach de chuid an aontais a chur as oifig sa chás a leanas:

Tá an duine aonair ag iompar contrártha leis an mbunreacht. Déantar é seo a chinneadh sa deireadh trí reifreann. Ní mór sínithe a fháil ó 30% de bhallraíocht iomlán an aontais chun an rún seo a thabhairt chun reifrinn agus go dtí go mbeidh toradh ann, fanfaidh an t-oifigeach gníomhach ina ról {ach ní sa reifreann seo}.

Cruinnithe Aontas na Mac Léinn:

Comhairle Feidhmiúcháin:

Caithfear trí chruinniú oifigiúla den Chomhairle Feidhmiúcháin a reáchtáil i ngach seimeastar. Beidh Cathaoirleach na Comhairle Feidhmiúcháin mar chathaoirleach ar na cruinnithe agus feidhmeoidh an AO mar rúnaí. Beidh cruinnithe ag plé le saincheisteanna níos mó a bhaineann le hábhair inní na mac léinn; i measc samplaí díobh seo tá ionadaíocht náisiúnta ar chomhlacht na mac léinn, ionadaíocht chomhlacht na mac léinn laistigh den institiúid, leasuithe ar an mbunreacht agus ábhair inní struchtúracha eile. D'fhéadfadh roinnt saincheisteanna a phléitear a bheith de chineál rúnda agus ag dul ar aghaidh ag deireadh na gcruinnithe; tá ceanglas ar an gCathaoirleach breac-chuntas a thabhairt ar na gnéithe a pléadh faoi rún.

Cruinnithe Ginearálta Aontas na Mac Léinn (GSUM):

Tugtar cuireadh do gach ball tofa d'Aontas na Mac Léinn freastal ar na cruinnithe sin. Agus iad níos ginearálta ná cruinnithe na Comhairle Feidhmiúcháin, d'fhéadfadh an cineál seo cruinnithe tarlú chomh minic agus is mian leis an gComhairle Feidhmiúcháin nó nuair a éilíonn an Chomhairle Feidhmiúcháin iad.

Cruinnithe SSL {Nó Comhairle leasaithe ar bith eile}:

Is í an Chomhairle Feidhmiúcháin na hionadaithe mac léinn amháin a bheidh ag teastáil le haghaidh cruinnithe den sórt sin. Beidh GSUM ann roimh chruinniú SSL trína bhféadfadh deis a bheith ag Aontas na Mac Léinn iomlán eilimintí a mholadh le plé ag an gcruinniú seo.

Cruinnithe Seachtracha:

Feidhmíonn Cathaoirleach agus Leas-Chathaoirleach (nó a n-ainmniúchán) den Chomhairle Feidhmiúcháin (caithfidh siad a bheith ina mbaill den Chomhairle Feidhmiúcháin) mar ionadaíocht ar Aontas na Mac Léinn MIE ag cruinnithe náisiúnta. I measc samplaí dá leithéid tá cruinnithe INTO agus cruinnithe na Roinne Oideachais. Gníomhaíonn an Cathaoirleach agus an Leas-Chathaoirleach freisin mar ionadaíocht ar an Aontas i ndáil le caidreamh leis na meáin agus le heagraíochtaí SU eile.

Comhdháil Aontas na Mac Léinn:

Ní mór Comhdháil bhliantúil Aontas na Mac Léinn a reáchtáil sa dara seimeastar den bhliain acadúil. Is í aidhm na comhairle seo saincheisteanna a phlé a théann i bhfeidhm go díreach nó go hindíreach ar chuallacht na mac léinn i MIE. Is féidir moltaí a dhéanamh maidir le leasuithe ar Bhunreacht Aontas na Mac Léinn. Tá an Chomhdháil seo oscailte do gach ball den Aontas agus do Dhaoine Aonair a dtugann an Chomhairle Feidhmiúcháin cuireadh dóibh a bheith i

Aitheantóir Cáipéise Bunreacht Aontas na Mac Léinn

láthair. Ní mór d'Aontas na Mac Léinn foilseachán a scaipeadh i ndiaidh na Comhdhála ina leagtar amach na saincheisteanna a pléadh, iniaimh/leasuithe/míreanna díothaithe beartaithe i mbunreacht Aontas na Mac Léinn a bhfuil le vótáil orthu

Aitheantóir Cáipéise Bunreacht Aontas na Mac Léinn

lá na vótála don SU isteach gach bliain. Ní mór fógra 14 lá ar a laghad a thabhairt maidir le dáta na Comhdhála agus caithfear míreanna atá le plé a chur isteach 10 lá ar a laghad roimh an gComhdháil.

Beidh Cathaoirleach na Comhairle Feidhmiúcháin mar chathaoirleach ar an gComhdháil agus is é an AO an Rúnaí.

Ní mór d'aon bhall aonair den Aontas ar mian leis/léi labhairt ag an gComhdháil a mhian a chur in iúl don AO mar aon leis an gceist a ardóidh siad 10 lá ar a laghad roimh an suí.

Beidh deis ag an gComhdháil béim a leagan ar fhís agus plean straitéiseach an aontais agus baill a chur ar an eolas faoin obair atá á déanamh ag an aontas thar ceann na mball, trína mbeidh cuntais an aontais inrochtana go saor do gach ball den aontas.

Cumarsáid:

Is é príomhionadaí an Aontais Cathaoirleach na Comhairle Feidhmiúcháin. Nuair a bheidh sé/sí as láthair, déanfaidh an Leas-Chathaoirleach ionadaíocht ar a s(h)on {nó ball ainmnithe den Chomhairle Feidhmiúcháin}. Déanfar cumarsáid inmheánach idir na Ranna éagsúla i MIE agus an Chomhairle Feidhmiúcháin trí ríomhphost lasmuigh de mheán SSL (nó in imthosca eisceachtúla go pearsanta). Seo a leanas baill den SU atá ainmnithe le haghaidh cumarsáide go himmheánach leis na Ranna éagsúla:

Naisc chumarsáide:

- Cathaoirleach na Comhairle Feidhmiúcháin: Uachtarán Institiúid Oideachais Marino, an Fhoireann Séiplíneachta, an Roinn Comhdhála agus Saoráidí agus an Roinn Airgeadais. Téigh i dteagmháil trí ríomhphost ag supres@momail.mie.ie
- Leas-Chathaoirleach na Comhairle Feidhmiúcháin: Oifig an Chláraitheora. Téigh i dteagmháil trí ríomhphost ag suvp@momail.mie.ie
- Oifigeach Oideachais: Foireann leabharlainne, An Roinn Socrúcháin Scoile/Socrúcháin Oibre agus an Roinn TF. Téigh i dteagmháil trí ríomhphost ag edsu@momail.mie.ie
- Oifigeach Leasa: Seirbhís Chomhairleoireachta do Mhic Léinn, Suaimhneas. Téigh i dteagmháil trí ríomhphost ag welfaresu@momail.mie.ie
- Cumann Gaelach: Roinn na Gaeilge. Téigh i dteagmháil trí ríomhphost ag gaeilgesu@momail.mie.ie
- Oifigigh Spóirt: Spórt. Téigh i dteagmháil trí ríomhphost ag susport@momail.mie.ie

Gaeilge:

- Oibreoidh an tAontas chun feabhas a chur ar chéad teanga an stáit laistigh den Institiúid.
- Beidh gach doiciméad a fhoilseofar agus a bhaineann leis an SU dátheangach agus beidh creat bunreachtúil agus reachtaíocht san áireamh.
- Ní dhéantar dochar ar bith don SU maidir le hábhair a bhaineann le cainteoirí dúchais nó le mic léinn a fhaigheann an teanga trí theagasc.
- Feidhmeoidh agus oibreoidh an Cumann Gaelach ar bhealach a chuirfidh an Ghaeilge, Cultúr na hÉireann agus oidhreacht na tíre chun cinn ar an mbealach is fearr.
- I gcomhréir leis an mBunreacht, coinneofar 2 phost shinsearacha ar an Aontas gach bliain d'oifigigh sa chumann seo.